| An tSraith Shinsearach Grafaic Dheartha agus Chumarsáide | Meitheal Forbartha Cruinniú 1<br>30 Meán Fómhair 2024<br>Cur Síos Gairid |
|---|---|
| **Mír ar an gClár** | **Nótaí** |
| **Ionduchtú do na meithleacha forbartha go léir a bhfuil baint acu le Tráinse 3** | Bhí comhsheisiún ionduchtaithe ar siúl do na meithleacha forbartha uile i dtráinse 3, inar tugadh forbhreathnú ar ghnéithe difriúla d'obair CNCM:<br>struchtúir agus próisis, sonraíocht churaclaim a fhorbairt, treochlár agus amlínte. |
| **Seomra ar leithligh** | Tar éis an tseisiúin ionduchtaithe sin, chuaigh an mheitheal forbartha do Ghrafaic Dheartha agus Chumarsáide na hArdteistiméireachta go dtí a seomra cruinnithe féin. |
| **Réamhrá ón gCathaoirleach** | Chuir gach ball den mheitheal forbartha do Ghrafaic Dheartha agus Chumarsáide na hArdteistiméireachta iad féin in aithne. |
| **Cur i Láthair agus Plé ar an gCáipéis Eolais** | Cuireadh breac-chuntas achomair i láthair don Mheitheal Forbartha ar na príomhchodanna den Cháipéis Eolais do Ghrafaic Dheartha agus Chumarsáide na hArdteistiméireachta. Ba é an príomhchuspóir ná aidhm na Cáipéise Eolais a mhíniú, is é sin na meithleacha a threorú agus a chur ar an eolas agus athfhorbairt á déanamh acu ar shonraíocht nua Ghrafaic Dheartha agus Chumarsáide. Chomh maith leis sin, cuireadh fáilte roimh mheithleacha aiseolas a thabhairt ar na codanna atá leagtha amach. |
| **Raon feidhme tosaigh cuspóra, réasúnaíochta agus aidhmeanna a mheas** | D'oibrigh na baill i ngrúpaí beaga le cuspóir, réasúnaíocht agus aidhmeanna Ghrafaic Dheartha agus Chumarsáide na hArdteistiméireachta a mheas. Baileofar aiseolas ó gach grúpa agus déanfar plé air ag an gcéad chruinniú eile. |
| **Na chéad chéimeanna eile agus an chéad chruinniú eile** | Rinne an cathaoirleach machnamh ar an obair a rinneadh agus ghabh sé buíochas leis na baill as a bheith i láthair agus as an méid a rinne siad.<br><br>**An Chéad Chruinniú Eile:** 24 Deireadh Fómhair 2024 |